AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

# EALAÍN

## CUMADÓIREACHT SHAMHLAÍOCH AGUS ÁBHAR NEAMHBHEO - GNÁTHLEIBHÉAL

## DÉ hAOINE, 10 BEALTAINE - MAIDIN 9.30 go 12.00

Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.

**TREORACHA**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe go soiléir sa spás atá ann di ar an mbileog líníochta. Scríobh teideal an pháipéir – 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' – ar an mbileog líníochta agat díreach faoi bhun d'Uimhir Scrúdaithe. Má roghnaíonn tú Cumadóireacht Shamhlaíoch, ní mór duit an pointe tosaithe agat a lua ar chúl na bileoige líníochta. Má roghnaíonn tú 'Ábhar Neamhbheo' iarrtar ort nithe a bhaineann leis an sliocht tuairisciúil a thabhairt chuig an t-ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas do chumadóireacht Neamhbheo féin a leagan amach. Ní mór é seo a chur i gcrích in am roimh thús an scrúdaithe.
Tig leat úsáid a bhaint as dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, agus/nó aon ábhair eile atá de dhíth ort chun an chumadóireacht agat a chríochnú.

---

## NÁ FREAGAIR ACH CEIST AMHÁIN

Roghnaigh pointe tosaithe as an sliocht tuairisciúil seo a leanas agus

1. Tarraing nó péinteáil pictiúr a ritheann leat agus an sliocht tuairisciúil léite agat.

**nó**

2. Tarraing nó péinteáil foireann nithe Neamhbheo a luaitear sa sliocht tuairisciúil nó a chuireann an sliocht i do cheann.

**nó**

3. Déan saothar cumadóireachta teibí a chuireann an sliocht tuairisciúil i do cheann.

## SLIOCHT TUAIRISCIÚIL
ina bhfuil Pointí Tosaithe

Bhí sí sínte sa leaba ag feitheamh leis an bpost. Ní raibh aon phost ann inné. Bhí sí ag cuimhneamh go mb'fhéidir gur dea-chomhartha é sin, ach ansin arís, b'fhéidir nárbh ea.

Ní raibh smid as aon duine ag an mbricfeasta. Ní raibh fonn bia ar aon duine. Níor bhain aon duine leis na cupáin, na plátaí, na babhlaí, na sceana, ná na forcanna. Bhí Seán ag blaistínteacht ar ghloine shú oráiste agus é ag méirínteacht leis an siúcra. Chrom Mamaí ar na giúirléidí bricfeasta a ghlanadh de bhord na cistine. Nós a bhí ann faoin tráth seo, tar éis na mblianta. Chuirtí gach bia inmheata sa chuisneoir agus gach rud eile sa chófra.

Briseadh ar an tost le cling an bhosca litreach. D'éirigh Emma go mall agus shiúil sí i dtreo an halla. Is é a bhí ann, cinnte. Cén scéal a bheadh ann – Is oth linn a chur in iúl duit....nó Tá áthas orainn a chur in iúl duit? Bhí a croí ag bualadh ina cliabh, agus leáigh na méara aici agus an páipéar fillte uachtair álainn clóscríofa á oscailt aici. Bhí na lámha fillte ag Mamaí agus í ag fanacht ag doirteal na cistine, á thriomú agus ag cur caoi air. Bhí a ionad áirithe féin ag na huirlisí cistine go léir, agus ní fhágtaí púdair níocháin ná leachtanna ar an mbord oibre. Chuimil sí le ceirt an fhoireann taephotaí ar mhéideanna éagsúla a bhí leagtha ar leac na fuinneoige.

Bhí liú áthais ó Emma, gáir ó Sheán, agus paidir ghonta ag mo mháthair.

Bhí an post faighte ag Emma, a raibh oiread dua caite aici á lorg. Bheadh uirthi tosú i gceann coicíse dá mbeadh fonn uirthi glacadh leis.

Rinneadh brón den áthas ar aghaidh Mhamaí faoi cheann cúpla soicind, mar chuimhnigh sí anois go mbeadh an iníon ghеanúil ba shine aici ar tí imeacht ón mbaile agus seans nach bhfeicfeadh sí arís í go ceann i bhfad eile. Post nua i Meiriceá a bhí ann.